RÚN (AE) 2023/1938 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint don chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad Ghníomhaireacht an Aontas Eorpaigh um Chearta Bunúsacha don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0141/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais ([1]), gurbh é EUR 24 860 491 buiséad críochnaitheach Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (an 'Ghníomhaireacht') don bhliain airgeadais 2021, arb ionann é agus méadú 2,87 % i gcomparáid le 2020; de bhrí gur ó bhuiséad an Aontais go heisiach, nach mór, a thagann buiséad na Gníomhaireachta;

B. de bhrí go ndearbhaíonn an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt'), i dtuarascáil uaithi ar chuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2021 ('tuarascáil na Cúirte'), go bhfuil dearbhú réasúnach faighte aici go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Bainistíocht buiséid agus airgeadais

1. Ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, go raibh ráta cur chun feidhme buiséid 100,00 % ann mar thoradh ar na hiarrachtaí faireacháin buiséid le linn na bliana airgeadais 2021, arbh ionann é agus an ráta céanna agus a bhí ann in 2020; ag tabhairt dá haire gurbh é 70,95 % an ráta forghníomhaithe i gcás leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, arbh ionann é agus méadú 0,1 % i gcomparáid le 2020;

2. Ag tabhairt dá haire, de réir thuarascáil na Cúirte, go ndearna an Ghníomhaireacht EUR 7 milliún (27 %) de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas 2021 a thabhairt ar aghaidh go 2022, a raibh baint ag 96 % díobh le gníomhaíochtaí oibríochtúla; á thabhairt chun suntais tuairim athnuaite na Cúirte go léirítear leis an leibhéal ard tabhairt anonn saincheisteanna struchtúracha i gcur chun feidhme an bhuiséid ag an nGníomhaireacht agus go bhfuil sé ag teacht salach ar phrionsabal buiséadach na bliantúlachta; ag tabhairt dá haire gur saincheist leanúnach í sin; ag aithint fhreagra na Gníomhaireachta go léirítear leis an tabhairt anonn ard cineál phríomhghnó na Gníomhaireachta den chuid is mó, lena n-áirítear gníomhaíochtaí a mhaireann roinnt míonna nó fiú a théann ar aghaidh níos faide ná deireadh na bliana agus go bhfuil leibhéal olltoradh na Gníomhaireachta os cionn 99 %; á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Gníomhaireachta feabhas a chur ar a pleanáil bhuiséadach trí uirlis faireacháin a bhunú maidir le tabhairt anonn atá beartaithe ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar a leibhéal tabhairt anonn agus feabhas a chur ar a timthriallta cur chun feidhme;

3. Á chur in iúl gur oth léi nár méadaíodh plean bunaíochta na Gníomhaireachta ó 2017 agus gur léiríodh leis an méadú ar an mbuiséad an t-innéacsú leis an ráta boilscithe den chuid is mó agus nach raibh sé i gcomhréir leis an méadú ar an ualach oibre agus ar na hiarrataí, go háirithe tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2022/555 ón gComhairle ([2]), lenar leasaíodh Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle ([3]) (an 'Rialachán Bunaidh') chun gníomhaíochtaí nua a thabhairt isteach i réimsí an cheartais agus an chomhair póilíneachta; á thabhairt chun suntais, gan acmhainní leormhaithe airgeadais agus foirne, nach mbeidh an Ghníomhaireacht in ann na cúraimí uile a shanntar di a chur i gcrích ná a sainordú nua a chur chun feidhme ina iomláine, rud a d'fhágfadh go bhféadfadh difear a dhéanamh do cháilíocht na hoibre a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil;

([1]) IO C 141, 29.3.2022, lch. 60.

([2]) Rialachán (AE) 2022/555 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 108, 7.4.2022, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007 lena mbunaítear Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (IO L 53, 22.2.2007, lch. 1).

Feidhmíocht

4. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di go n-úsáideann an Ghníomhaireacht córas eochairtháscairí feidhmíochta (KPInna) mar chuid dá tomhas feidhmíochta; ag tabhairt dá haire gur tugadh athbhreithniú ar chreat tomhais feidhmíochta agus ar KPInna na Gníomhaireachta i gcrích in 2021 chun ailíniú níos fearr a dhéanamh le ceanglais agus riachtanais na ndoiciméad clársceidealaithe agus na dtuarascálacha ar ghníomhaíochtaí; ag moladh an ráta ard gnóthachtála i gcomparáid lena KPInna in 2021, agus gur sháraigh an Ghníomhaireacht beagnach gach sprioc a leagadh síos in aghaidh an KPI; ag tabhairt dá haire, go háirithe, feidhmíocht den scoth maidir le líon an aschuir taighde a táirgeadh, an t-ionchur a cuireadh ar fáil agus an t-aschur a bhfuarthas rochtain orthu, agus sásamh na ngeallsealbhóirí i ndáil le himeachtaí na Gníomhaireachta;

5. Á chur in iúl gur geal léi tionscnaimh na Gníomhaireachta chun sineirgí a chruthú le gníomhaireachtaí ceartais agus gnóthaí baile (CGB) eile i roinnt réimsí, lena n-áirítear digitiú agus cur chun feidhme an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip; ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, rannchuidiú gníomhach na Gníomhaireachta le 60 gníomhaíocht ar an iomlán i réimse CGB in 2021; á chur in iúl gur geal léi cinneadh na Gníomhaireachta páirt a ghlacadh i nósanna imeachta soláthair chomhpháirtigh éagsúla, amhail measúnú ar scileanna bainistíochta; ag tabhairt dá haire, go háirithe, comhar na Gníomhaireachta le Eurojust maidir le liosta de ghníomhaíochtaí nithiúla a chomhaontú i réimsí leasa choitinn (e.g. Barántas Gabhála Eorpach) atá le cur chun feidhme in 2021–2022; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur shínigh an Ghníomhaireacht comhaontuithe oibre nó meabhráin tuisceana le Europol, CEPOL, Eurojust agus EIGE in 2021; á chur in iúl gur geal léi an tacaíocht do chearta bunúsacha a chuireann an Ghníomhaireacht ar fáil do thionscadail a bhaineann le IS agus bithmhéadracht, atá faoi stiúir na Gníomhaireachta Eorpaí um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) agus Europol;

6. Ag tabhairt dá haire gur rannchuidigh an Ghníomhaireacht le tuairim is 60 gníomhaíocht ar an iomlán i réimse CGB, lena n-áirítear 24 ghníomhaíocht i réimse na himirce, an tearmainn agus an bhainistithe teorainneacha, agus 16 ghníomhaíocht i réimse na slándála inmheánaí agus na coireachta tromchúisí eagraithe; á chur i bhfáth go dtacaíonn an Ghníomhaireacht le tionscadail a bhaineann le IS agus bithmhéadracht, atá faoi stiúir Europol agus Frontex, agus á mheas gur cheart moltaí na Gníomhaireachta a chur san áireamh;

7. Á chur in iúl gur geal léi an tacaíocht a thugann an Ghníomhaireacht do Frontex chun lucht faireacháin Frontex ar chearta bunúsacha (FRManna) agus leas-oifigeach um chearta bunúsacha a bhunú agus a earcú; á thabhairt chun suntais gur lean an Ghníomhaireacht dá rannpháirtíocht le Frontex agus gur ghlac stiúrthóir na Gníomhaireachta páirt i gcruinnithe de bhord bainistíochta Frontex; á chur in iúl gur geal léi freisin an ról gníomhach atá ag an nGníomhaireacht in oiliúint FRManna Frontex; á mheabhrú, le linn 2021, gur thug an Ghníomhaireacht tacaíocht, ó thaobh cearta bunúsacha de, do thionscadail a bhaineann le IS agus bithmhéadracht, atá faoi stiúir Europol agus Frontex;

Beartas foirne

8. Ag tabhairt dá haire, an 31 Nollaig 2021, go raibh 93 % den phlean bunaíochta curtha chun feidhme agus go raibh 67 ngníomhaire shealadacha ceaptha as 72 ghníomhaire shealadacha arna n-údarú faoi bhuiséad an Aontais (an líon céanna post údaraithe le 2020); ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 30,1 gníomhaire ar conradh (FTEnna) agus seisear saineolaithe náisiúnta ar iasacht (FTEnna) ag obair don Ghníomhaireacht in 2021;

9. Ag tabhairt dá haire agus is díol sásaimh di an chothromaíocht inscne i measc chomhaltaí bainistíochta sinsearaí na Gníomhaireachta, agus 3 fhear (50 %) agus 3 bhean (50 %), ar leibhéal an bhoird bainistíochta, agus 37 as 64 chomhalta (58 %) ina mná, agus mar chuid d'fhoireann na Gníomhaíochta ar an iomlán, agus 49 as 96 chomhalta (51 %) ina mná;

10. Ag aithint obair leanúnach na Gníomhaireachta maidir le creat fadtéarmach acmhainní daonna a fhorbairt ar bhonn thoradh na dtrí phríomhchleachtadh i ndáil le creat inniúlachta, measúnú ar an ualach oibre agus suirbhé ar fholláine; á chur in iúl gur geal léi, sa chomhthéacs sin, gur bunaíodh plean nua bainistíochta na Gníomhaireachta maidir le hacmhainní daonna; á iarraidh ar an nGníomhaireacht bailchríoch a chur ar na céimeanna eile (measúnú ar inniúlachtaí agus anailís ar bhearnaí sa lucht saothair) chun córas bainistíochta tallainne atá bunaithe ar inniúlachtaí a thabhairt isteach;

11. Á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Ghníomhaireacht SYSPER in 2021; ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, go bhfuil 9 mhodúl curtha chun feidhme ag an nGníomhaireacht agus go bhfuil sí ag obair i dtreo 3 mhodúl eile a chur chun feidhme, agus é beartaithe aici modúil bhreise a ghlacadh ó na pacáistí bunúsacha agus roghnacha;

12. Ag tabhairt dá haire nár thuairiscigh an Ghníomhaireacht aon chás tnáite in 2021; á chur in iúl gur geal léi na bearta a rinne an Ghníomhaireacht chun tacú le folláine na foirne, amhail seirbhísí tacaíochta síceolaíocha a chur ar fáil don fhoireann nó comhairleoir leighis a bheith ann uair sa tseachtain;

Soláthar

13. Ag tabhairt dá haire gur sheol an Ghníomhaireacht ocht nós imeachta soláthair in 2021, trí cinn oscailte agus cúig cinn idirbheartaithe, agus gur shínigh sí 546 chonradh, ar conarthaí díreacha iad trí cinn díobh arbh ionann iad agus EUR 2 768 596 san iomlán, ar conarthaí sonracha nó foirmeacha ordaithe in aghaidh creatchonarthaí dar luach iomlán EUR 9 564 632 iad 480 díobh agus ar conarthaí ar luach íseal cothrom le EUR 269 428 iad 63 díobh;

14. Ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, go mbaineann an Ghníomhaireacht úsáid as ríomhfhógraí, ríomhthairiscint agus ríomhaighneacht tairiscintí ina nósanna imeachta soláthair; ag moladh don Ghníomhaireacht leanúint dá nósanna imeachta soláthair a dhigitiú agus á chur in iúl gur geal léi iarrachtaí na Gníomhaireachta uirlis PPMT a chur chun feidhme;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú agus trédhearcacht

15. Á chur in iúl gur geal léi na bearta atá ann cheana ag an nGníomhaireacht agus a hiarrachtaí leanúnacha maidir le trédhearcacht a áirithiú, coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus maidir le cosaint do sceithirí; á chur in iúl gur geal léi na gníomhaíochtaí a rinne an Ghníomhaireacht in 2021 maidir le treoracha oibre sonracha a fhorbairt lena sonraítear sreabhadh oibre na sceithireachta inmheánaí agus an chumarsáid a rinne sí ina dhiaidh sin faoi na rialacha sin do bhaill foirne; ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht athbhreithniú in 2021 ar a treoir phraiticiúil maidir le coinbhleachtaí leasa don fhoireann a bhainistiú agus a chosc; ag tabhairt dá haire, thairis sin, nár tuairiscíodh aon chás coinbhleachtaí leasa agus sceithireachta in 2021; ag moladh na Gníomhaireachta as a rialacha féin a thabhairt isteach chun déileáil leis an easpa forálacha i reachtaíocht an Aontais lena rialaítear gníomhaíochtaí chomhaltaí a boird;

16. Ag tabhairt dá haire, agus is mór aici, gur foilsíodh CVanna agus dearbhuithe leasa beagnach gach comhalta den bhord bainistíochta agus gach comhalta den choiste eolaíoch ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta; ag tabhairt dá haire, áfach, nár fhoilsigh an Ghníomhaireacht CVanna chomhaltaí na foirne bainistíochta agus na saineolaithe inmheánacha; ag tabhairt dá haire, mar sin féin, go bhfoilsíonn an Ghníomhaireacht tuairisc ghearr bheathaisnéiseach ar chomhaltaí na foirne bainistíochta agus ar shaineolaithe inmheánacha; á iarraidh ar an nGníomhaireacht CVanna agus na dearbhuithe leasanna atá fós gan foilsiú a fhoilsiú agus á chur in iúl gur geal léi na bearta atá déanta cheana chun na rioscaí a mhaolú;

Rialú inmheánach

17. Ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht cleachtadh rialaithe *ex post* in 2021 ar shampla d'idirbhearta a rinneadh le linn na chéad mhíonna den phaindéim in 2020; ag cur sonrú i gconclúid na Gníomhaireachta gur léirigh an ghníomhaíocht dhá mhionbhotún a d'fhéadfadh a bheith ann agus gur tugadh roinnt ráitis fhoirmiúla dá bharr ach nár sainaithníodh aon saincheist chriticiúil; á chur in iúl gur geal léi gur ghlac an Ghníomhaireacht leagan nuashonraithe dá straitéis frithchalaoise in 2021 bunaithe ar mheasúnú riosca sonrach, ina n-áirítear oiliúint chun calaois a chosc, feasacht na foirne a ardú trí sheisiúin faisnéise agus measúnuithe riosca calaoise;

18. Ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht measúnú in 2021 ar leibhéal chur chun feidhme a creata rialaithe inmheánaigh nua; ag cur sonrú i gconclúid na Gníomhaireachta gur ann do chomhpháirteanna uile an chórais, go bhfuil siad ag feidhmiú agus go bhfuil gá le roinnt feabhsuithe ar phrionsabail 3, 4, 5 agus 14; ag tabhairt dá haire, maidir le prionsabail 3 agus 5, gur cuireadh nuashonrú na dtuairiscí ar phoist don fhoireann uile i gcrích go rathúil in 2022, lena n-ailíniú le teimpléad SYSPER an Choimisiúin; ag tabhairt dá haire, maidir le prionsabal 4, go bhfuil an creat inniúlachta á chur chun feidhme agus á iarraidh ar an nGníomhaireacht dlús a chur lena gníomhaíochtaí chun bailchríoch a chur ar sheachfhoinsiú beartais chomhtháite cumarsáide inmheánaí (prionsabal 14);

19. Ag tabhairt dá haire, maidir le próiseas na Gníomhaireachta i leith eisceachtaí a chlárú agus a údarú, gur cláraíodh ceithre eisceacht in 2021 ar luach foriomlán idirbheart de bhreis agus EUR 5 000 nach raibh tionchar airgeadais ag aon cheann acu, de réir mheasúnú na Gníomhaireachta;

Digitiú agus an t-aistriú glas

20. Ag aithint na n-iarrachtaí leanúnacha atá á ndéanamh ag an nGníomhaireacht chun áit oibre atá costéifeachtach agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a áirithiú; ag cur sonrú i dtiomantas na Gníomhaireachta measúnú a dhéanamh ar conas a lorg comhshaoil a laghdú agus staid an áitribh atá ann faoi láthair á cur san áireamh ag an am céanna;

21. Ag tabhairt dá haire gur thug an Ghníomhaireacht néalseirbhísí isteach (nasctha le teileafónaíocht, físchomhdháil, ríomhchomhdháil, comhoibriú ar líne agus bainistiú doiciméad) idir 2020 agus 2021, agus ar an gcaoi sin go ndearnadh na sreafaí oibre inmheánacha airgeadais agus sreafaí oibre eile a dhigitiú; ag moladh ghlacadh an Chórais Próiseála Misin (MiPS) a chuireann le hiarrachtaí digitithe na Gníomhaireachta agus le barrfheabhsú acmhainní daonna agus airgeadais, lena n-áirítear trí ionadú a dhéanamh ar shreafaí oibre páipéarbhunaithe agus cumais tuairiscithe níos fearr a chur ar fáil dá foireann agus dá feidhm acmhainní daonna ag an am céanna; ag moladh, thairis sin, ghníomhaíochtaí leanúnacha na Gníomhaireachta chun an chibearshlándáil a áirithiú, chomh maith leis na bearta nua a cuireadh chun feidhme in 2021, amhail fíorú dhá fhachtóir a úsáid, faireachán ar naisc gheoshuímh, agus na nuashonruithe táirgí is déanaí a shuiteáil; ag moladh don Ghníomhaireacht oibriú i ndlúthchomhar le ENISA (Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil) agus le CERT-EU (An Fhoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais agus measúnuithe riosca rialta a dhéanamh ar a bonneagar TF agus a áirithiú go ndéanfar iniúchtaí agus tástálacha rialta ar a cibearchosaintí;

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéim COVID-19

22. Ag tabhairt dá haire go raibh an plean leanúnachais gnó fós gníomhach in 2021, agus gur reáchtáil an Ghníomhaireacht a cruinnithe agus a himeachtaí go léir go fíorúil; á chur i bhfios go láidir, mar thoradh air sin, nár reáchtáladh ach 13 ghníomhaíocht oiliúna pleanáilte as 29 ngníomhaíocht oiliúna pleanáilte ar an iomlán, trí úsáid a bhaint as réitigh ar líne, arb ionann é agus ráta íseal cur chun feidhme 45 %; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur glacadh sraith cinntí ón mBord Bainistíochta i bhfoirm nósanna imeachta i scríbhinn chun an próiseas cinnteoireachta a éascú in éagmais cruinnithe ar an láthair; ag tabhairt faoi deara, maidir le hearcaíocht, gur bhain an Ghníomhaireacht úsáid as teicneolaíochtaí físchomhdhála le haghaidh agallaimh le hiarrthóirí;

23. Ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht measúnú riosca sonrach le linn 2021 ar thionscadail uile 2021, agus na rioscaí a bhaineann le paindéim COVID-19 á gcur san áireamh; ag moladh na Gníomhaireachta, sa chomhthéacs sin, as gníomhaíochtaí maolaithe a shainaithint, ar chuir a gcur chun feidhme cosc ar thionchair mhóra ar thabhairt chun críche na ngníomhaíochtaí tionscadail a bhí beartaithe; á chur i bhfios go láidir gur i bhformáid hibrideach a eagraíodh Fóram 2021 um Chearta Bunúsacha, arb é sin an t-imeacht suaitheanta maidir le staid na gceart bunúsach laistigh den Aontas; ag moladh don Ghníomhaireacht na ceachtanna a foghlaimíodh ó phaindéim COVID-19 a chur i bhfeidhm chun cruinnithe, imeachtaí agus agallaimh a eagrú ar bhealach níos fearr ionas go bhféadfadh sé go mbeadh sé níos éifeachtúla iad a reáchtáil go cianda amach anseo ná iad a reáchtáil ar an láthair;

Tuairimí eile

24. Ag tabhairt dá haire go bhfuil obair leanúnach á déanamh ag an nGníomhaireacht chun a hinfheictheacht phoiblí agus a láithreacht ar líne a mhéadú, le roinnt tionscnamh amhail an tsraith uirlisí ríomhmheán maidir leis an imirce, an uirlis ríomhfhoghlama maidir le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an podchraoladh um chearta bunúsacha; ag tabhairt dá haire, go háirithe, go raibh 798 n-eagraíocht rannpháirteacha ó na Ballstáit uile agus ó na tíortha is iarrthóirí uile rannpháirteach in Ardán na Gníomhaireachta um Chearta Bunúsacha in 2021, agus gur tugadh le chéile níos mó ná 3 000 duine ó gach cearn den domhan; á thabhairt chun suntais gur lean an Ghníomhaireacht de bheith ar an ngníomhaireacht de chuid an Aontais a bhfuil an líon is airde orduithe foilsithe aici; ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú 35 % ar thagairtí don Ghníomhaireacht sna meáin;

25. Ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál cothrománach a ghabhann lena cinneadh maidir le hurscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ([4]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([4]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.